

Déardaoin, 15 Nollaig, 2005
Thursday, 15th December, 2005

10.30 a.m.

ORD GNÓ
ORDER OF BUSINESS

- 3a.** An Bille Leithreasa 2005 — Ordú don Dara Céim.
 Appropriation Bill 2005 — Order for Second Stage.
- 13a.** An Bille um Cheadanna Fostaíochta 2005 — Rún Airgeadais.
 Employment Permits Bill 2005 — Financial Resolution.
- 14.** Tairiscint *maidir le* Ceadú beartaithe ag Dáil Éireann i ndáil le téarmaí an Chomhaontaithe idir Rialtas na hÉireann agus Rialtas Phoblacht na Bulgáire ar chomhoibriú maidir le coireacht eagraithe agus coireacht thromchúiseach eile a chomhrac [*Arna breithniú ag an gComhchoiste um Dhlí agus Ceart, Comhionannas, Cosaint agus Cearta na mBan an 13 Nollaig, 2005*].
 Motion *re* Proposed approval by Dáil Éireann of the terms of the Agreement between the Government of Ireland and the Government of the Republic of Bulgaria on co-operation in combating organised crime and other serious crime [*Considered by the Joint Committee on Justice, Equality, Defence and Women's Rights on 13th December, 2005*].
- 15.** Tairiscint *maidir le* Ceadú beartaithe ag Dáil Éireann i ndáil le téarmaí an Chomhaontaithe idir Rialtas na hÉireann agus Rialtas Phoblacht na Cipire ar chomhoibriú maidir le coireacht eagraithe agus coireacht thromchúiseach eile a chomhrac [*Arna breithniú ag an gComhchoiste um Dhlí agus Ceart, Comhionannas, Cosaint agus Cearta na mBan an 13 Nollaig, 2005*].
 Motion *re* Proposed approval by Dáil Éireann of the terms of the Agreement between the Government of Ireland and the Government of the Republic of Cyprus on co-operation in combating organised crime and other serious crime [*Considered by the Joint Committee on Justice, Equality, Defence and Women's Rights on 13th December, 2005*].
- 16.** Tairiscint *maidir le* Ceadú beartaithe ag Dáil Éireann i ndáil le téarmaí an Chomhaontaithe idir Rialtas na hÉireann agus Rialtas Phoblacht na Polainne ar chomhoibriú maidir le coireacht eagraithe agus coireacht thromchúiseach eile a chomhrac [*Arna breithniú ag an gComhchoiste um Dhlí agus Ceart, Comhionannas, Cosaint agus Cearta na mBan an 13 Nollaig, 2005*].
 Motion *re* Proposed approval by Dáil Éireann of the terms of the Agreement between the Government of Ireland and the Government of the Republic of Poland on co-operation in combating organised crime and other serious crime [*Considered by the Joint Committee on Justice, Equality, Defence and Women's Rights on 13th December, 2005*].
- 17.** Tairiscint *maidir le* Ceadú beartaithe ag Dáil Éireann le haghaidh Cinnidh ón gComhairle maidir le nós imeachta faisnéise frithpháirteach a bhunú a bhaineann le bearta Ballstát i réimse an tearmainn agus na hinimirce [*Arna breithniú ag an gComhchoiste um Dhlí agus Ceart, Comhionannas, Cosaint agus Cearta na mBan an 14 Nollaig, 2005*].
 Motion *re* Proposed approval by Dáil Éireann for a Council Decision on the establishment of a mutual information procedure concerning Members States' measures in the area of asylum and immigration [*Considered by the Joint Committee on Justice, Equality, Defence and Women's Rights on 14th December, 2005*].

- 18.** Tairiscint *maidir le* Ceadú beartaithe ag Dáil Éireann i ndáil le Díorma de na Buan-Óglaigh a chur chun bealaigh le bheith ar fiannas le Misean na Náisiún Aontaithe sa Libéir (UNMIL) [*A ndearna an Roghchoiste um Dhlí agus Ceart, Comhionannas, Cosaint agus Cearta na mBan an 13 Nollaig, 2005*].
Motion *re* Proposed approval by Dáil Éireann of the despatch of a Contingent of the Permanent Defence Force for service with the United Nations Mission in Liberia (UNMIL) [*Considered by the Select Committee on Justice, Equality, Defence and Women's Rights on 13th December, 2005*].
- 4.** An Bille um Bainc Forbartha 2005 — Ordú don Dara Céim.
Development Banks Bill 2005 — Order for Second Stage.
- 1.** An Bille um Bord Leigheasra na hÉireann (Forálacha Ighnéitheacha) 2005 [*Seanad*] — An Dara Céim.
Irish Medicines Board (Miscellaneous Provisions) Bill 2005 [*Seanad*] — Second Stage.
- 18a.** An Bille um Bord Leigheasra na hÉireann (Forálacha Ighnéitheacha) 2005 [*Seanad*] — Rún Airgeadais.
Irish Medicines Board (Miscellaneous Provisions) Bill 2005 [*Seanad*] — Financial Resolution.

FÓGRA I dTAOBH GNÓ NUA
NOTICE OF NEW BUSINESS

- 2a.** Bille an Choláiste Ollscoile, Gaillimh (Leasú) 2005 [*Seanad*] — An Dara Céim.
University College Galway (Amendment) Bill 2005 [*Seanad*] — Second Stage.
- 2b.** An Bille Iomaíochta (Leasú) 2005 [*Seanad*] — An Dara Céim.
Competition (Amendment) Bill 2005 [*Seanad*] — Second Stage.

I dTOSACH GNÓ PHOIBLÍ
AT THE COMMENCEMENT OF PUBLIC BUSINESS

Billí ón Seanad : Bills from the Seanad

- 1.** An Bille um Bord Leigheasra na hÉireann (Forálacha Ighnéitheacha) 2005 [*Seanad*] — An Dara Céim.
Irish Medicines Board (Miscellaneous Provisions) Bill 2005 [*Seanad*] — Second Stage.

- 2a.** Bille an Choláiste Ollscoile, Gaillimh (Leasú) 2005 [*Seanad*] — An Dara Céim.
University College Galway (Amendment) Bill 2005 [*Seanad*] — Second Stage.

- 2b.** An Bille Iomaíochta (Leasú) 2005 [*Seanad*] — An Dara Céim.
Competition (Amendment) Bill 2005 [*Seanad*] — Second Stage.

Billí a thionscnamh : Initiation of Bills

Tíolactha:
Presented:

- 3a.** An Bille Leithreasa 2005 — Ordú don Dara Céim.
Appropriation Bill 2005 — Order for Second Stage.

Bille dá ngairtear Acht do leithreasú suimeanna a deonaíodh leis an Acht Príomh-Chiste (Forálacha Buana) 1965 chun na seirbhísí soláthair agus na gcríoch cuí, do dhéanamh forála maidir le tabhairt suas iarchurtha leithreasuithe áirithe neamhurscaoilte don Phríomh-Chiste faoi threoír na seirbhísí soláthair chaipitiúil agus na gcríoch dá bhforáiltear le halt 91 den Acht Airgeadais 2004 agus do dhéanamh foráil áirithe i ndáil le rúin airgeadais a rith Dáil Éireann an 7 Nollaig 2005 agus do leasú alt 3 den Acht Leithreasa 1999 chun foráil a dhéanamh maidir le hairgead áirithe a bailíodh i leith na dleachta máil a fhorchuirtear le halt 2 den Acht Airgeadais (Dleacht Máil ar Tháirgí Tobac) 1977 a íoc le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte .

Bill entitled an Act to appropriate to the proper supply services and purposes sums granted by the Central Fund (Permanent Provisions) Act 1965, to make provision in relation to deferred surrender to the Central Fund of certain undischarged appropriations by reference to the capital supply services and purposes as provided for by section 91 of the Finance Act 2004 and to make certain provision in relation to financial resolutions, passed by Dáil Éireann on 7 December 2005 and to amend section 3 of the Appropriation Act 1999 to provide for the payment to the Health Service Executive of certain moneys collected in respect of the duty of excise imposed by section 2 of the Finance (Excise Duty on Tobacco Products) Act 1977.

— An tAire Airgeadais.

- 4.** An Bille um Bainc Forbartha 2005 — Ordú don Dara Céim.
Development Banks Bill 2005 — Order for Second Stage.

Bille dá ngairtear Acht do dhéanamh socrú maidir le ceadú théarmaí an Chomhaontaithe lena mbunaítear Banc Forbartha na hÁise, do dhéanamh socrú i dtaobh nithe (lena n-áirítear íocaíochtaí) a bhaineann leis an gComhaontú sin, do leasú an Achta um Banc Eorpach le haghaidh Athchóiriú agus Forbairt 1991, an Achta um Chomhaontuithe Bretton Woods 1957, an Achta um Chomhlachas Forbartha

Bill entitled an Act to provide for approval of the terms of the Agreement establishing the Asian Development Bank, to provide for matters (including payments) related to that Agreement, to amend the European Bank for Reconstruction and Development Act 1991, the Bretton Woods Agreements Act 1957, the International Development Association Act 1960, the Multilateral Investment Guarantee Agency

Idirnáisiúnta 1960, an Achta um an nGníomhaireacht Iltaobhach do Ráthú Infheistíochta 1988 agus an Achta um Banc Forbartha Chomhairle na hEorpa, 2004.

Act 1988 and the Council of Europe Development Bank Act 2004.

— *An tAire Airgeadais*

Fógraí Tairisceana : Notices of Motions

13a. An Bille um Cheadanna Fostaíochta 2005 — Rún Airgeadais.
Employment Permits Bill 2005 — Financial Resolution.

“Go ndéanfar foráil san Acht lena dtabharfar éifeacht don Rún seo chun táillí áirithe a mhuirearú de réir an Achta, ar táillí iad chun ceadanna fostaíochta a dheonú nó a athnuachan, chun a cheadú do dhaoine a dteastaíonn ceadanna den sórt sin uathu a bheith i bhfostaíocht sa Stát.

That provision be made in the Act giving effect to this Resolution for the charging in accordance with the Act of certain fees, being fees for the granting or renewal of employment permits, for the purpose of permitting persons who require such permits to be in employment in the State.”

— *An tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.*

14. “Go gceadaíonn Dáil Éireann téarmaí an Chomhaontaithe idir Rialtas na hÉireann agus Rialtas Phoblacht na Bulgáire ar chomhoibriú maidir le gáinneáil aindleathach drugaí agus réamhtheachtaithe, sciúradh airgid, coireacht eagraithe, gáinneáil ar dhaoine, sceimhlitheoireacht agus coireacht thromchúiseach eile a chomhrac a síníodh i mBaile Átha Cliath an 31 Eanáir, 2002, agus ar leagadh cóipeanna de faoi bhráid Dháil Éireann an 21 Feabhra, 2002.

That Dáil Éireann approves the terms of the Agreement between the Government of Ireland and the Government of the Republic of Bulgaria on co-operation in combating illicit trafficking in drugs and precursors, money laundering, organised crime, trafficking in persons, terrorism and other serious crime which was signed in Dublin on 31st January, 2002, copies of which were laid before Dáil Éireann on 21st February, 2002.”

— *An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí.*

15. “Go gceadaíonn Dáil Éireann téarmaí an Chomhaontaithe idir Rialtas na hÉireann agus Rialtas Phoblacht na Cipire ar chomhoibriú maidir le gáinneáil aindleathach drugaí, sciúradh airgid, coireacht eagraithe, gáinneáil ar dhaoine, sceimhlitheoireacht agus coireacht thromchúiseach eile a chomhrac a síníodh i mBaile Átha Cliath an 8 Márta, 2002, agus ar leagadh cóipeanna de faoi bhráid Dháil Éireann an 21 Márta, 2002.

That Dáil Éireann approves the terms of the Agreement between the Government of Ireland and the Government of the Republic of Cyprus on co-operation in combating illicit drug trafficking, money laundering, organised crime, trafficking in persons, terrorism and other serious crime which was signed in Dublin on 8th March, 2002, copies of which were laid before Dáil Éireann on 21st March, 2002.”

— *An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí.*

16. “Go gceadaíonn Dáil Éireann téarmaí an Chomhaontaithe idir Rialtas na hÉireann agus Rialtas Phoblacht na Polainne ar chomhoibriú maidir le coireacht eagraithe agus coireacht thromchúiseach eile a chomhrac, a síníodh in Vársá an 12 Bealtaine, 2001, agus ar leagadh cóipeanna de faoi bhráid Dháil Éireann an 31 Bealtaine, 2002.

That Dáil Éireann approves the terms of the Agreement between the Government of Ireland and the Government of the Republic of Poland on co-operation in combating organised crime and other serious crime which was signed in Warsaw on 12th May, 2001, copies of which were laid before Dáil Éireann on 31st May, 2002.”

— *An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí.*

17. “Go gceadaíonn Dáil Éireann an Stát d’fheidhmiú an roghnaithe nó na rogha, arna gcur ar fáil le hAirteagal 3 den cheathrú Prótacal atá leagtha amach i gConradh Amstardam, fógra a thabhairt d’Uachtarán na Comhairle gur mian leis a bheith páirteach i nglacadh agus i bhfeidhmiú an bhirt bheartaithe seo a leanas:

togra le haghaidh Cinnidh ón gComhairle maidir le nós imeachta faisnéise frithpháirteach a bhunú a bhaineann le bearta Ballstát i réimsí an tearmainn agus na hinimirce,

ar beart beartaithe é ar leagadh cóip de faoi bhráid Dháil Éireann an 14 Samhain, 2005.

— *An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí.*

18. “Go gceadaíonn Dáil Éireann díorma de na Buan-Óglaigh a chur chun bealaigh, de bhun alt 2 den Acht Cosanta (Leasú) (Uimh. 2) 1960, arna chur chun feidhme leis an Acht Cosanta (Leasú) 1993, le bheith ar fiannas le Misean na Náisiún Aontaithe sa Libéir (UNMIL), a bunaíodh an 19 Meán Fómhair, 2003, faoi Rún 1509 (2003) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe le linn dó a ról breise a chomhlíonadh:

(i) i ndáil le slándáil a sholáthar don Chúirt Speisialta do Shiarra Leon agus i ndáil le pearsanra míleata UNMIL agus oifigh na Cúirte a aslonnú más gá agus nuair is gá i gcás géarchéime slándála tromaí a dhéanfaidh difear don phearsanra sin agus don Chúirt mar atá leagtha amach i Rún 1626 den Chomhairle Slándála an 19ú Meán Fómhair, 2005; agus

(ii) i ndáil leis an iar-Uachtarán Charles Taylor a ghabháil agus a choinneáil i gcás ina bhfillfidh sé ar an Libéir agus é a aistriú chuig Siarra Leon, nó a aistriú chuig Siarra Leon a éascú, lena ionchúiseamh os comhair na Cúirte Speisialta do Shiarra Leon agus i ndáil le Rialtas na Libéire, le Rialtas Shiarra Leon agus leis an gComhairle a choimeád ar an eolas go hiomlán mar atá leagtha amach i Rún 1638 de Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe an 11ú Samhain, 2005.

That Dáil Éireann approves the exercise by the State of the option or discretion, provided by Article 3 of the fourth Protocol set out in the Treaty of Amsterdam, to notify the President of the Council that it wishes to take part in the adoption and application of the following proposed measure:

a proposal for a Council Decision on the establishment of a mutual information procedure concerning Member States’ measures in the area of asylum and immigration,

a copy of which proposed measure was laid before Dáil Éireann on 14th November, 2005.”

That Dáil Éireann approves the despatch, pursuant to section 2 of the Defence (Amendment) (No. 2) Act 1960, as applied by the Defence (Amendment) Act 1993, of a contingent of the Permanent Defence Force for service with the United Nations Mission in Liberia (UNMIL), established on 19th September, 2003, under UN Security Council Resolution 1509 (2003) in carrying out its additional role in relation to:

(i) the provision of security for the Special Court for Sierra Leone and the evacuation if and when needed of UNMIL military personnel and officials of the Court in the event of a serious security crisis affecting those personnel and the Court as set out in Security Council Resolution 1626 of 19th September, 2005; and

(ii) the apprehension and detention of former President Charles Taylor in the event of a return to Liberia and the transfer of him or the facilitation of his transfer to Sierra Leone for prosecution before the Special Court for Sierra Leone and the keeping of the Liberian Government, the Sierra Leonean Government and the Council fully informed as set out in UN Security Council Resolution 1638 of 11th November, 2005.”

— *An tAire Cosanta.*

18a. An Bille um Bord Leigheasra na hÉireann (Forálacha Ilghnéitheacha) 2005 [Seanad] — Rún Airgeadais.

Irish Medicines Board (Miscellaneous Provisions) Bill 2005 [Seanad] — Financial Resolution.

“Go ndéanfar foráil san Acht lena dtabharfar éifeacht don Rialachán seo maidir le táillí áirithe a mhuirearú de réir an Achta, ar táillí iad i ndáil le Bord Leigheasra na hÉireann do dheonú, do leasú nó d’athnuachan ceadúnas, údaruithe nó deimhnithe.

That provision be made in the Act giving effect to this Resolution for the charging in accordance with the Act of certain fees, being fees for the granting, amendment or renewal by the Irish Medicines Board of licences, authorisations or certificates.”

— *An Tánaiste agus an tAire Sláinte agus Leanaí.*

TEACHTAIREACHTAÍ ÓN RIALTAS MESSAGES FROM THE GOVERNMENT

An Bille um an Dlí Coiriúil (Gealtacht) 2002.
Criminal Law (Insanity) Bill 2002.

For the purpose of Article 17.2 of the Constitution, the Government recommend that it is expedient to authorise such payments out of moneys provided by the Oireachtas as are necessary to give effect to any Act of the present session to amend the law relating to the trial and detention of persons suffering from mental disorders who are charged with offences or found not guilty by reason of insanity, to amend the law relating to unfitness to plead and the special verdict, to provide for the committal of such persons to designated centres and for the independent review of the detention of such persons and, for those purposes, to provide for the establishment of a Mental Health (Criminal Law) Review Board, to repeal the Trial of Lunatics Act 1883, and to provide for related matters.

Given on this 30th day of June, 2005

(Signed) Bertie Ahern,
Taoiseach.

MEMORANDA

*Déardaoin, 15 Nollaig, 2005
Thursday, 15th December, 2005*

Cruinniú den Chomhchoiste um Dhlí agus Ceart, Comhionannas, Cosaint agus Cearta na mBan i Seomra Coiste 3, TL2000, ar 9.30 a.m.

Meeting of the Joint Committee on Justice, Equality, Defence and Women’s Rights in Committee Room 3, LH2000, at 9.30 a.m.

Cruinniú den Fhochoiste um Iniúchadh Eorpach i Seomra Coiste 2, TL2000, ar 9.30 a.m.

Meeting of the Sub-Committee on European Scrutiny in Committee Room 2, LH2000, at 9.30 a.m.

Cruinniú den Choiste um Chuntais Phoiblí i Seomra Coiste 1, TL2000, ar 11 a.m.

Meeting of the Committee of Public Accounts in Committee Room 1, LH2000, at 11 a.m.

Cruinniú den Chomhchoiste um Oideachas agus Eolaíocht i Seomra Coiste 2, TL2000, ar 11.30 a.m.

Meeting of the Joint Committee on Education and Science in Committee Room 2, LH2000, at 11.30 a.m.

Cruinniú den Chomhchoiste um Chomhshaol agus Rialtas Áitiúil i Seomra Coiste 4, TL2000, ar 2 p.m.

Meeting of the Joint Committee on the Environment and Local Government in Committee Room 4, LH2000, at 2 p.m.

SCRÍBHINNÍ A LEAGADH FAOI BHRÁID NA DÁLA DOCUMENTS LAID BEFORE THE DÁIL

Reachtúil:

1) Togra le haghaidh Cinnidh ón gComhairle maidir leis na Prionsabail, na Tosaíochtaí agus na Coinníollacha atá sa Chomhpháirtíocht Eorpach leis an tSeirbia agus Montainéagró lena n-áirítear an Chosaiv arna míniú le Rún 1244 an 10 Meitheamh, 1999 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe mar aon le nóta faisnéise míniúcháin. COM (2005) 558.

2) Togra le haghaidh Cinnidh ón gComhairle a bhaineann le táirge arbhair Indiaigh (*Zea mays* L., MON 863 x MON 810 hibrideach) atá géinmhodhnaithe i gcomhair frithsheasmhachta in aghaidh fréamhphéiste arbhair agus lotnaidí léipidipteireacha áirithe arbhair Indiaigh a chur ar an margadh, de réir Threoir 2001/18/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, mar aon le nóta faisnéise míniúcháin. COM (2005) 564.

3) Togra le haghaidh Cinnidh ón gComhairle maidir leis an gComhordaitheoir Speisialta ar an gComhaontú Cobhsaíochta le haghaidh Oirdheisceart na hEorpa a cheapadh mar aon le nóta faisnéise míniúcháin. COM (2005) 595.

4) Comhsheasamh 2005/792/CFSP an 14 Samhain, 2005 ón gComhairle maidir le bearta sriantacha in aghaidh na hÚisbéiceastáine mar aon le nóta faisnéise míniúcháin.

5) Comhsheasamh 2005/847/CFSP an 29 Samhain, 2005 ón gComhairle lena n-uasdátaítear Comhsheasamh 2001/931/CFSP maidir le cur chun feidhme beart sonrath chun sceimhlitheoireacht a chomhrac agus lena n-aisghairtear Comhsheasamh 2005/725/CFSP mar aon le nóta faisnéise míniúcháin.

6) Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2005/776/CFSP an 7 Samhain, 2005 ón gComhairle lena leasaítear sainordú Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh le haghaidh na Moldóive mar aon le nóta faisnéise míniúcháin.

Statutory:

1) Proposal for a Council Decision on the Principles, Priorities and Conditions contained in the European Partnership with Serbia and Montenegro including Kosovo as defined by the United Nations Security Council Resolution 1244 of 10 June, 1999 together with explanatory information note. COM (2005) 558.

2) Proposal for a Council Decision concerning the placing on the market, in accordance with Directive 2001/18/EC of the European Parliament and of the Council, of a maize product (*Zea mays* L., hybrid MON 863 x MON 810) genetically modified for resistance to corn rootworm and certain lepidopteran pests of maize together with explanatory information note. COM (2005) 564.

3) Proposal for a Council Decision on the appointment of the Special Coordinator of the Stability Pact for South-Eastern Europe together with explanatory information note. COM (2005) 595.

4) Council Common Position 2005/792/CFSP of 14 November, 2005 concerning restrictive measures against Uzbekistan together with explanatory information note.

5) Council Common Position 2005/847/CFSP of 29 November, 2005 updating Common Position 2001/931/CFSP on the application of specific measures to combat terrorism and repealing Common Position 2005/725/CFSP together with explanatory information note.

6) Council Joint Action 2005/776/CFSP of 7 November, 2005 amending the mandate of the European Union Special Representative for Moldova together with explanatory information note.

7) Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2005/796/CFSP an 14 Samhain, 2005 ón gComhairle lena leasaítear sainordú Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh le haghaidh phróiseas síochána an Mheán-Oirthir mar aon le nóta faisnéise míniúcháin.

8) Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2005/825/CFSP an 24 Samhain, 2005 ón gComhairle lena leasaítear sainordú Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh sa Bhosnia agus sa Heirseagaivéin mar aon le nóta faisnéise míniúcháin.

9) Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2005/797/CFSP an 14 Samhain, 2005 ón gComhairle maidir le Misean Póilíneachta an Aontais Eorpaigh le haghaidh na gCríoch Palaistíneach mar aon le nóta faisnéise míniúcháin.

10) Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2005/807/CFSP an 21 Samhain, 2005 ón gComhairle lena leathnaítear agus lena leasaítear sainordú Mhisean Monatóireachta an Aontais Eorpaigh (EUMM) mar aon le nóta faisnéise míniúcháin.

7) Council Joint Action 2005/796/CFSP of 14 November, 2005 amending the mandate of the European Union Special Representative for the Middle East peace process together with explanatory information note.

8) Council Joint Action 2005/825/CFSP of 24 November, 2005 amending the mandate of the European Union Special Representative in Bosnia and Herzegovina together with explanatory information note.

9) Council Joint Action 2005/797/CFSP of 14 November, 2005 on the European Union Police Mission for the Palestinian Territories together with explanatory information note.

10) Council Joint Action 2005/807/CFSP of 21 November, 2005 extending and amending the mandate of the European Union Monitoring Mission (EUMM) together with explanatory information note.

Neamhreachtúil:

Tithe an Oireachtais. An Comhchoiste um Ghnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh. Tuarascáil Uimh. 3: Tuarascáil ar COM (2004) 314: Togra leasaithe le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 1408/71 ón gComhairle maidir le feidhmiú scéimeanna slándála sóisialaí i ndáil le daoine fostaithe, daoine féinfhostaithe agus daoine dá dteaghlaigh a bhogann laistigh den Chomhphobal agus Rialachán (CEE) Uimh. 574/72 lena leagtar síos na nósanna imeachta maidir le Rialachán (CEE) Uimh. 1408/71 a chur chun feidhme. Nollaig, 2005.

Non-Statutory:

Houses of the Oireachtas. Joint Committee on Social and Family Affairs. Report No. 3: Report on: COM (2004) 314: Amended Proposal for a Regulation of the European Parliament and of the Council amending Council Regulation (EEC) No. 1408/71 on the application of social security schemes to employed persons, to self-employed persons and to members of their families moving within the Community and Council Regulation (EEC) No. 574/72 laying down the procedures for implementing Regulation (EEC) No. 1408/71. December, 2005.